

FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ TEAGASC AR LÍNE

AN CLÁR BÁN IDIRGHNÍOMHACH AG CEARTÚ EARRÁIDÍ

Aidhm




Is féidir úsáid éifeachtach a bhaint as an gclár bán idirghníomhach chun tascanna a dhéanamh ina mbíonn ar na foghlaimeoirí earráidí a cheartú.

Treoir



Ag brath ar an mír teanga atá á cleachtadh, scríobhann an múinteoir abairtí / cleachtaí a bhfuil earráidí áirithe iontu sa chlár bán idirghníomhach ag baint úsáide as an mbosca 'Text' (i *Zoom*). Is féidir leis na foghlaimeoirí ansin na cleachtaí a cheartú ag baint úsáide as an rogha 'annotate' chun rud éigin a scríobh, nó as na huirlisí stampaála (in 'annotate') chun na hearráidí a mharcáil le stampa. **✓✓✓✓**
XXXXX

Forbairt / Nótaí



Tá an rogha ann i *Zoom* an clár bán idirghníomhach a shábháil mar chomhad agus é a roinnt leis na foghlaimeoirí i ndiaidh an ranga, chun go mbeidh taifead acu den méid a scríobhadh ar an gclár le linn an ranga.